Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2021
(OR. en)

9690/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0083(NLE)

AVIATION 158
RELEX 541
OC 31

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le hAeriompar idir Stát Chatar, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile<br>- Glacadh |

1. Is toradh é an dréachtchomhaontú thuas ar an gcaibidlíocht a rinne an Coimisiún ar bhonn an údaraithe a thug an Chomhairle don Choimisiún an 7 Meitheamh 2016 chun tús a chur le caibidlíocht le Stát Chatar d'fhonn Comhaontú maidir le hAeriompar a thabhairt i gcrích. Cuireadh inisealacha leis an dréachtchomhaontú an 4 Márta 2019.

2. An 8 Aibreán 2021, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an dréachtchomhaontaithe thuasluaite agus maidir le Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin (7666/21 agus 7665/21 faoi seach).

3. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach le linn físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla an 15 Aibreán agus an 29 Aibreán 2021. Thairis sin, chuathas i gcomhairle leis na toscaireachtaí trí chomhairliúchán i scríbhinn an 20 Bealtaine 2021.

4. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in J/L 8457/21 é agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe mar a leagtar amach in J/L 7744/21 é, agus a mholadh don Chomhairle, i bpáirt 'A' ar chlár oibre cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh sin a ghlacadh ionas go bhféadfar an Comhaontú a shíniú.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

7. Sa chomhthéacs sin, tugtar ar aird go dtacaíonn na Ballstáit, ina gcáil mar Pháirtithe sa Chomhaontú sin in éineacht leis an Aontas, le síniú an dréachtchomhaontaithe agus lena chur i bhfeidhm sealadach.